# Léiriú ar Tour de France do TG4 ó

# 2026 - 2030

# An dáta deiridh d'iarratais: 13:00 an 18 Bealtaine 2026

**Tá córas coimisiúnaithe nua i bhfeidhm ag TG4 – TG4 eCoimisiúin. Chun iarratas a dhéanamh ní mór duit clárú ar an gcóras nua** https://ecoimisiuin.tg4.ie/

Fáilteoidh TG4 roimh iarratais ó earnáil na léiriúchán neamhspleách don chlúdach atá beartaithe a dhéanamh ar Tour de France Beo agus Buaicphointí 2026 go 2030 thíos (faoi réir TG4 na cearta a fháil don Tour de France).

Beidh an Tour de France á chraoladh ar TG4 gach Samhradh ó 2026 go 2030 (cúig bliana) - faoi réir conartha.

Beidh comórtas na bliana 2026 ar siúl ó Dé Sathairn an 4 Iúil go dtí Dé Domhnaigh an 26 Iúil agus craolfar clár beo agus clár buaicphointí gach lá ar TG4.

Tá TG4 ag lorg seirbhísí comhlachta léiriúcháin le dul i mbun na hoibre seo a leanas ar an Tour de France:

## Líon cláracha sa mbliain

| | |
|---|---|
| Beo | 21 clár x 265 nóiméad |
| Buaicphointí | 21 clár x 24 nóiméad |

## <u>Réamhléiriú - freagrachtaí</u>

- Grafaicí a ullmhú
- Tallann agus tráchtairí rothaíochta TG4 a chur in áirithe.
- Taighde a dhéanamh.
- Oibriú Foireann Theicniúil TG4 chun bheith ullmhaithe don Tour.
- Eolas a fháil faoin Tour agus é a scaipeadh ar gach duine (amanna craolta, srl).
- Ábhar poiblíochta a chur ar fáil do Rannóg Cumarsáide TG4 agus don Leabharlann.
- Billings teilifíse (Sceideal na Teilifíse) le scríobh agus le cur ar fáil do Leabharlann TG4.
- Eolas satailíte (EBU) a thabhairt do na daoine cuí – innealtóirí TG4, an seomra ionchur, srl.
- Oibriú le Rannóg Sceideal TG4 ar amanna craolta an Tour.
- Comórtas don lucht féachana, a bheidh le reáchtáil i rith an Tour de France, a eagrú le Post TV.

## Léiriú - freagrachtaí

Beidh an comhlacht léiriúcháin freagrach as an gcraoladh ó thús deireadh.
Obair theicniúil (Meascadh fuaime agus grafaicí)

Beidh eagarthóireacht le déanamh ar chlár 24 nóiméad gach lá a bheidh le soláthar do sceideal TG4. Is clár laethúil buaicphointí ón Tour a bheidh anseo a bheidh le craoladh sa sceideal gach oíche (circa 9in). Caithfidh an comhlacht léiriúcháin eagarthóir a chur ar fáil chun eagarthóireacht a dhéanamh ar an gclár laethúil seo.

- Comhoibriú agus comhordú a dhéanamh le foireann inmheánach TG4 agus soláthraithe eile.
- Cúram a ghlacadh as an gcraoladh ó thús deireadh agus a bheith freagrach as.
- Oibriú le Pres agus leis an Rannóg Sceidil - beidh an briseadh fógraíochta le ciúáil nuair atá an clár beo ar an aer
- Amanna ar an aer agus den aer a chinntiú (bíonn an t-eolas seo, a thagann ón EBU/ASO, ag athrú go minic).
- Déileáil leis na tráchtairí agus eolas agus cúnamh a thabhairt dóibh.
- Grafaicí - Na súpair ar fad a chinntiú agus a sheiceáil.
- Oibriú le PostTV chun grafaicí chomórtas laethúil an Tour a dheimhniú.
- Fuaim – meascadh fuaime.
- Scripteanna a thagann go laethúil ó A.S.O. a phriontáil agus a thabhairt do na tráchtairí agus do Pres.
- Aon chúnamh nó eolas eile a bheidh ag teastáil ó Pres agus ó na tráchtairí a chur ar fáil.
- Beidh obair ag an deireadh seachtaine i gceist.
- Míreanna beo a chur ar fáil gach lá d'ardáin meán sóisialta TG4 (gearrthóga beo meán sóisialta a ullmhú - do X, Facebook, Instagram).
- Déileáil leis an bpobal má thagann aon cheisteanna isteach.

## Buaicphointí

Beidh eagarthóireacht le déanamh ar chlár 24 nóiméad gach lá a bheidh le soláthar do sceideal TG4. Is clár laethúil buaicphointí ón Tour a bheidh anseo a bheidh le craoladh sa sceideal gach oíche (circa 9in). Caithfidh an comhlacht léiriúcháin eagarthóir a chur ar fáil chun eagarthóireacht a dhéanamh ar an gclár laethúil seo.

Beidh cearta ilardáin ar fud an domhain ag TG4 go suthain ar na cláir seo.

Ní dhéanfar measúnú ar thograí mura bhfuil buiséad mionsonraithe leo.

Ba cheart na nithe seo a leanas a bheith san áireamh san iarratas:

- Buiséad (ar teimpléad Buiséad TG4) & plean airgeadais
- An phríomhfhoireann léirithe atá molta – léiritheoir agus eagarthóir (má bhaintear áit amach ar an ngearrliosta beidh an fhoireann léirithe le deimhniú agus le comhaontú)
- Eolas faoin léiriúchán atá beartaithe agus faoin bpearsanra léirithe agus teicniúil uile.

## Eolas Eile d'Iarrthóirí

Ní mór gach togra a chur ar aghaidh go leictreonach chuig TG4. Ní mór do chomhlachtaí léiriúcháin a chinntiú ar dtús go bhfuil siad cláraithe ar ár gcóras eCoimisiúin https://ecoimisiuin.tg4.ie/

Ina dhiaidh sin ba chóir iarratais a uaslódáil roimh an spriocdháta trí '**Tour de France 2026-2030**' a roghnú ón roghchlár anuas.

Cuirfear in iúl duit, go huathoibríoch, nuair a bheidh do thogra curtha ar aghaidh. Ní ghlacfar le tograí nuair a bheidh an spriocdháta deiridh atá tugtha caite.

Is féidir ceist ar bith faoin mbabhta seo agus faoi oiriúnacht an tionscadail a sheoladh chuig Rónán Ó Coisdealbha ronan.o.coisdealbha@tg4.ie

*Glacfar le hiarratais ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir gach dualgas reachtúil ábhartha.*

*Níl sé d'oibleagáid ar TG4 glacadh leis an iarratas ar an bpraghas is ísle, ná le haon iarratas.*

*Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach a bheith agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.*

Beidh cearta saoil trasardáin ar fud an domhain ag TG4 ar an ábhar seo.

Beidh feidhm ag clásal scoir bliantúil agus féadfar é a ghníomhachtú roimh an 1 Samhain gach bliain.

*An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Ní mór d'iarratasóirí a thabhairt ar aird go bhféadfaí faisnéis a chuirtear ar fáil a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba cheart d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin*

*íogair a thabhairt le fios. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh oibleagáid ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú má mheasann an t-iarrthóir go bhfuil sí íogair agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.*

*Ní ann d'aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.*